Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

2020/0264(COD)

15.12.2020

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair
(COM(2020)0577 – C9-0300/2020 – 2020/0264(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir don tuairim: Bogusław Liberadzki

Eochair do na nósanna imeachta

*	Nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí atá á mholadh sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Tá na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus má tá sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne an roinn dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN.....20

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (COM(2020)0577 – C9-0300/2020 – 2020/0264(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2020)0577),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0300/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0000/2020),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) I gcomhréir leis an gcuspóir sin, is gá struchtúr buan comhfhreagrach a bhunú laistigh den Ghníomhaireacht, lena ráthófar	(2) I gcomhréir leis an gcuspóir sin, is gá struchtúr buan comhfhreagrach a bhunú laistigh den Ghníomhaireacht, lena ráthófar

go mbeidh an saineolas is gá ann agus na cúraimí a thugtar don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF á gcomhlíonadh, chomh maith le neamhspleáchas ó leasanna ***poiblí*** nó príobháideacha agus, sa chomhthéacs sin, gur féidir leis an nGníomhaireacht brath ar ***acmhainní*** tiomnaithe.	go mbeidh an saineolas is gá ann agus na cúraimí a thugtar don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF á gcomhlíonadh, chomh maith le neamhspleáchas ó leasanna ***rialtasacha*** nó príobháideacha agus, sa chomhthéacs sin, gur féidir leis an nGníomhaireacht brath ar ***acmhainní*** atá tiomnaithe ***go sonrach do na cúraimí nua, lena n-áirítear soláthar foirne agus struchtúir.***
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach thuas, ba cheart don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ***gníomhú go neamhspleách*** agus níor chóir dó treoir a lorg ná a leanúint ná glacadh le moltaí ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún ***ná ó aon eintiteas eile poiblí*** nó príobháideach.	(5) I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach thuas, ba cheart don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ***gníomhú go neamhspleách*** agus níor chóir dó treoir a lorg ná a leanúint ná glacadh le moltaí ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún, ***ó EASA*** ná eintiteas príobháideach.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Tá an comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i réimse an athbhreithnithe feidhmíochta tábhachtach chun cur i bhfeidhm rianúil dhlí an Aontais a áirithiú sa réimse sin agus ba cheart é a éascú dá bhrí sin, eadhon trí Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta a bhunú.	(8) Tá an comhar idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta i réimse an athbhreithnithe feidhmíochta tábhachtach chun cur i bhfeidhm rianúil dhlí an Aontais a áirithiú sa réimse sin agus ba cheart é a éascú dá bhrí sin, eadhon trí Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta a bhunú, ***ar cheart sineirgí i measc gníomhaithe agus geallsealbhóirí a áirithiú.***
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I gcás ina bhfuil cumhachtaí ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ceart achomhairc chuig Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a dheonú do pháirtithe leasmhara, agus ba cheart an Bord Achomhairc sin a bheith ina chuid den Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, ***ach é a bheith neamhspleách ar struchtúr riaracháin agus rialála na Gníomhaireachta***.	(9) I gcás ina bhfuil cumhachtaí ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ceart achomhairc chuig Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a dheonú do pháirtithe leasmhara, agus ba cheart an Bord Achomhairc sin a bheith ina chuid den Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF, ***ach é a bheith neamhspleách*** uirthi.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ***Is*** costais ***ghearrthéarmacha*** iad siúd a bhaineann le bunú na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF ***agus*** tá siad teoranta do roinnt gníomhaíochtaí, mar shampla earcaíocht, oiliúint agus trealamh riachtanach TF, ***agus is*** gá iad chun an mhaoirseacht, atá de dhíth ar na cúiseanna a thuairiscítear thuas, a chur ar bun.	(14) ***Níor cheart go mbeadh*** costais ghearrthéarmacha a bhaineann le bunú na Gníomhaireachta a bheidh ag gníomhú mar CAF teoranta do roinnt gníomhaíochtaí, amhail earcaíocht, oiliúint agus trealamh riachtanach TF, ***ach ba cheart go n-áiritheofaí leo na céimeanna agus na caiteachais go léir*** is gá chun an mhaoirseacht, atá de dhíth ar na cúiseanna a thuairiscítear thuas, a thionscnamh.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ***Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe*** na costais sin a íoc le linn cúig bliana airgeadais ***i bhfoirm ranníocaíochtaí bliantúla a ríomhfar ar bhealach cóir neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart ranníocaíochtaí aonair ó sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe a chinneadh de réir a méide chun a dtábhacht i soláthar seirbhísí aerthráchta san Eoraip, agus dá réir sin, na tairbhí coibhneasta a bhainfidh siad*** as an ***ngníomhaíocht mhaoirsithe, a léiriú. Go nithiúil, ba cheart na ranníocaíochtaí sin a ríomh bunaithe ar mhéid an ioncaim a ghnóthaítear iarbhír ó sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta thar an tréimhse thagartha roimh an tréimhse thagartha sin a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm lena linn.***	(15) Ba cheart na costais sin a íoc le linn cúig bliana airgeadais le ***ranníocaíocht airgeadais*** ón ***Aontas***.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Chun rialacha aonfhoirmeacha maidir le ranníocaíochtaí bliantúla a bhunú, go háirithe an mhodheolaíocht chun an caiteachas measta a leithdháileadh ar chatagóirí de sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe agus na critéir chun leibhéal na ranníocaíochtaí aonair a chinneadh ar bhonn méide, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] .	***scriosta***

[3] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialachán
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Baineann costais reatha le costas na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaíocht atá ag gníomhú mar CAF, i leith na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, a luaithe a chuirtear an ghníomhaíocht sin ar bun. ***Ar an mbealach céanna***, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe costais reatha na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a mhaoiniú. Ba cheart an cistiú a bheith bunaithe ar tháillí agus muirir, áfach, mar gheall ar na hidirghabhálacha is gá chun na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe a chur i bhfeidhm. Féadtar a mheas freisin go gcuirfidh an cineál sin cistiúcháin le huathriail agus neamhspleáchas na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF.	(17) Baineann costais reatha le costas na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaíocht atá ag gníomhú mar CAF, i leith na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe, a luaithe a chuirtear an ghníomhaíocht sin ar bun. Ba cheart costais reatha na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF a bheith maoinithe ag soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe. Ba cheart an cistiú a bheith bunaithe ar tháillí agus muirir, áfach, mar gheall ar na hidirghabhálacha is gá chun na scéimeanna feidhmíochta agus muirearaithe a chur i bhfeidhm. Féadtar a mheas freisin go gcuirfidh an cineál sin cistiúcháin le huathriail agus neamhspleáchas na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a – pointe ii
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 98 – mír 2 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) cinntí a ghlacadh faoi struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta ar leibhéal na stiúrthóirí a bhunú agus más gá, faoina modhnú, agus i gcás struchtúr ***inmheánach*** a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht, faoi réir iarraidh chomhfhreagrach ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta agus tuairim dhearfach ón mBord Rialála um Athbhreithniú. ***Ní dhéanfaidh*** aon chinneadh den sórt sin ***difear*** don deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, ***an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta*** agus an fhoireann atá ag obair don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt, agus comhlachtaí eile agus sealbhóirí feidhme na Gníomhaireachta den pháirt eile;	(l) cinntí a ghlacadh faoi struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta ar leibhéal na stiúrthóirí a bhunú agus más gá, faoina modhnú, agus i gcás struchtúir ***tiomnaithe*** a bhaineann le hathbhreithniú ar fheidhmíocht, faoi réir iarraidh chomhfhreagrach ón Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta agus tuairim dhearfach ón mBord Rialála um Athbhreithniú. ***Ráthóidh*** aon chinntí den sórt sin an deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an fhoireann atá ag obair ***go heisiach*** don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt, agus comhlachtaí eile agus sealbhóirí feidhme na Gníomhaireachta den pháirt eile;

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a – pointe iii
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 98 – mír 2 – pointe o

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(o) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Achomhairc, comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, comhaltaí an Bhoird Comhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta, ***agus comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta;***	(o) rialacha a ghlacadh maidir le cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa i ndáil lena chomhaltaí, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Achomhairc, comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, comhaltaí an Bhoird Comhairligh um Athbhreithniú Feidhmíochta;

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 98 – mír 2 a – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 114l;	***scriosta***

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b – pointe v
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 104 – mír 3 – pointe u

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(u) gach cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta a bhunú agus, más gá, maidir le haon athrú a dhéanfar orthu, ach amháin athruithe a dhéanfar ar leibhéal na stiúrthóirí, arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta, agus ach amháin cinntí a bhaineann leis na struchtúir inmheánacha i dtaca le hathbhreithniú ar fheidhmíocht. ***Ní dhéanfaidh*** cinntí arna ndéanamh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin aon ***difear*** don deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, Stiúrthóir um Athbhreithnithe Feidhmíochta, Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta, ***Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta*** agus an fhoireann atá ag obair don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt agus na comhlachtaí agus sealbhóirí feidhme eile na Gníomhaireachta den pháirt eile;	(u) gach cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúir inmheánacha na Gníomhaireachta a bhunú agus, más gá, maidir le haon athrú a dhéanfar orthu, ach amháin athruithe a dhéanfar ar leibhéal na stiúrthóirí, arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta, agus ach amháin cinntí a bhaineann leis na struchtúir inmheánacha i dtaca le hathbhreithniú ar fheidhmíocht. ***Ráthóidh*** aon chinntí den sórt sin an deighilt idir an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Stiúrthóir um Athbhreithniú Feidhmíochta, an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta agus an fhoireann atá ag obair ***go heisiach*** don Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF de pháirt, agus comhlachtaí eile agus sealbhóirí feidhme na Gníomhaireachta den pháirt eile;

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 114a – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.	***scriosta***

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 114c – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, ***tar éis dó dul i gcomhairle le Eurocontrol*** agus tar éis glao poiblí ar léiriú spéise. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann le bainistíocht aerthráchta nó le rialáil eacnamaíoch tionscal líonra. Chun an cinneadh maidir le ceapachán comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a ghlacadh, is gá vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta.	2. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, tar éis glao poiblí ar léiriú spéise. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann le bainistíocht aerthráchta nó le rialáil eacnamaíoch tionscal líonra. ***Cuirfear cothromaíocht inscne san áireamh.*** Chun an cinneadh maidir le ceapachán comhaltaí an Bhoird Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta a ghlacadh, is gá vóta dearfach ó ionadaí an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 114c – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Le linn don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, gníomhóidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ***go neamhspleách*** agus ní lorgóidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún ***nó ó eintiteas poiblí*** nó príobháideach eile.	3. Le linn don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, gníomhóidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta ***go neamhspleách*** agus ní lorgóidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún, ***ó EASA*** ná eintiteas príobháideach.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 114i – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tiocfaidh an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta le chéile ar bhonn rialta, chun a áirithiú go dtéann údaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcomhairle lena chéile agus go n-oibríonn siad le chéile i líonra.	2. Tiocfaidh an Bord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta le chéile ar bhonn rialta, chun a áirithiú go dtéann údaráis mhaoirseachta náisiúnta i gcomhairle lena chéile agus go n-oibríonn siad le chéile i líonra***, i sineirgí le geallsealbhóirí.***

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 114k – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Beidh an Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta neamhspleách ar an nGníomhaireacht a bheidh ag gníomhú mar CAF.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 1141 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é ***an Bord Bainistíochta*** a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh go foirmiúil, ***ar thogra ón*** gCoimisiún, tar éis glao poiblí ar léiriú spéise, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.	2. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a cheapadh go foirmiúil, tar éis glao poiblí ar léiriú spéise, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 1141 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta neamhspleách agus a gcinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha. Ní dhéanfaidh siad aon dualgais ***eile*** a chomhlíonadh sa Ghníomhaireacht, ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta ná ar Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta. Ní chuirfear comhalta den	5. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta neamhspleách agus a gcinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha. Ní dhéanfaidh siad aon dualgais a chomhlíonadh sa Ghníomhaireacht, ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta ná ar Bhord Comhairleach um Athbhreithniú Feidhmíochta. Ní chuirfear comhalta den

Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta as oifig le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mura rud é go bhfaighfear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é nó í agus go ndéanann an Coimisiún cinneadh chuige sin tar éis dó tuairim an Bhoird Bhainistíochta a fháil.	Bhord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta as oifig le linn a théarma oifige nó a téarma oifige mura rud é go bhfaighfear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é nó í agus go ndéanann an Coimisiún cinneadh chuige sin tar éis dó tuairim an Bhoird Bhainistíochta a fháil.
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 120a – mír 3 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) ranníocaíocht airgeadais ón Aontas chun an Ghníomhaireacht a bheidh ag gníomhú mar CAF a bhunú maidir leis na caiteachais uile is gá chun an mhaoirseacht ag an nGníomhaireacht a bheidh ag gníomhú mar CAF a thionscnamh;
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 120a – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ranníocaíochtaí bliantúla ó sholáthraithe seirbhísí aerthrácht a ainmnithe, ar bhonn an chaiteachais bhliantúil mheasta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí maidir le hathbhreithniú feidhmíochta, gníomhaíochtaí atá le cur ar bun ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF mar a cheanglaítear le [togra leasaithe SES2+] le haghaidh gach catagóir de sholáthraithe seirbhísí	***scriosta***

aerthráchta ainmnithe;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 120a – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Baileofar na ranníocaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) ar feadh cúig bliana airgeadais. Chuige sin, beidh siad dlite den chéad uair an 31 Márta [XXXX - bliain] – Oifig na bhFoilseachán, cuirigí isteach an chéad bhliain airgeadais a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le bhur dtoil)], i leith na bliana airgeadais sin, agus an 31 Márta do gach ceann de na ceithre bliana airgeadais ina dhiaidh sin, i leith na mblianta airgeadais sin faoi seach.	***scriosta***
Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach rialacha mionsonraithe lena gcinnfear conas a ríomhfar ranníocaíochtaí bliantúla ó na soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 126b.	
Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 127(3).;	

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 126a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an measúnú ar leithdháileadh na gcostas idir seirbhísí aerloingseoireachta en route agus críochfoirt, i gcomhréir le hAirteagal 13(6) de [togra leasaithe SES2+];	***scriosta***

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 126a – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) Bearta ceartaitheacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13(11) de [togra leasaithe SES2+] agus, i gcás ina ngníomhaíonn an Ghníomhaireacht mar údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de [togra leasaithe SES2+], i gcomhréir le hAirteagal 14(10) den Rialachán sin;	***scriosta***

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 126a – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) próiseáil achomharc.	***scriosta***

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18

Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 126a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** lena leagfar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht as a cuid feidhmeanna mar CAF, ar rialacha iad lena sonrófar go háirithe méid na dtáillí agus na muirear agus an bealach ina n-íoctar iad. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 127(3).***	4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** lena leagfar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le táillí agus muirir a thoibhíonn an Ghníomhaireacht as a cuid feidhmeanna mar CAF, ar rialacha iad lena sonrófar go háirithe méid na dtáillí agus na muirear agus an bealach ina n-íoctar iad.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialachán
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/1139
Airteagal 126b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 126b	***scriosta***
Gníomhartha cur chun feidhme maidir le ranníocaíochtaí bliantúla ó sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe a ríomh	
Leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 120a(8), bunófar an méid seo a leanas:	
(a) modheolaíocht chun an caiteachas measta a leithdháileadh ar chatagóirí de sholáthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe, ar modheolaíocht í a bheidh ina bonn le sciar na ranníocaíochtaí, atá le déanamh ag soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe de gach catagóir, a ríomh;	
(b) critéir iomchuí oibiachtúla chun na ranníocaíochtaí bliantúla iníoctha ag soláthraithe seirbhísí aerthráchta	

ainmnithe aonair a chinneadh bunaithe ar a méid, d'fhonn a dtábhacht sa mhargadh a léiriú go garbh.

Ar na catagóirí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 beidh, ar an gcéad dul síos, soláthraithe seirbhísí aerthráchta en route, ar an dara dul síos soláthraithe seirbhísí aerthráchta críochfoirt atá faoi réir mhaoirseacht na Gníomhaireachta atá ag gníomhú mar CAF, agus ar an tríú dul síos na soláthraithe a thairgeann an dá chineál seirbhísí. Leis na critéir atá le bunú i gcomhréir le pointe (b) áiritheofar, go háirithe, cóir chomhionann i measc na soláthraithe lena mbaineann, i leith gach cineál seirbhíse. Déanfar méid na soláthraithe seirbhísí aerthráchta a ríomh bunaithe ar an méid ioncaim a tháirgtear iarbhír as seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar thar an tréimhse thagartha roimh an tréimhse thagartha a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm lena linn.;

Or. en

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis an togra leasaithe le haghaidh cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair, bunaítear Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta (CAF) buan, le comhtháthú i nGníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA). Dá thoradh sin, is gá Rialachán (AE) 2018/1139 lena mbunaítear EASA a leasú.

Is é is aidhm leis an togra ón gCoimisiún ná cúraimí nua a leagan ar an nGníomhaireacht nua agus, ag an am céanna, seirbhísí agus acmhainní a chomhroinnt le EASA mar atá sé faoi láthair.

Molann an rapóirtéir neamhspleáchas an CAF nua a neartú. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfar acmhainní a thiomnú go sonrach don sannadh nua. Thairis sin, níor cheart don Bhord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta treoracha ón gCoimisiún ná ón nGníomhaireacht a leanúint.

Molann an rapóirtéir córas airgeadais a thabhairt isteach a bheidh in ann feidhmiú cuí CAF nua a ráthú: beidh ranníocaíocht airgeadais ón Aontas maidir leis na costais tionscanta.
Ina theannta sin, beidh na costais reatha a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéanann an Ghníomhaireacht atá ag gníomhú mar CAF maoinithe ag soláthraithe seirbhísí aerthráchta ainmnithe.

Chomh maith leis sin, molann an Coimisiún Bord Achomhairc um Athbhreithniú Feidhmíochta a bhunú a bheadh freagrach as achomhairc i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht ag gníomhú mar CAF a chinneadh.

Aontaíonn an rapóirtéir le Comhlacht Achomhairc a bheith ann. Mar sin féin, ba cheart d'eintiteas den sórt sin gníomhú go neamhspleách ar an nGníomhaireacht mar CAF chun neamhspleáchas agus oibiachtúlacht maidir le breithiúnas ar achomhairc a áirithiú.